



PREASEISIÚINT Uimh. 208/23

Lucsamburg, 21 Nollaig 2023

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-281/22 | G. K. agus páirtithe eile (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh)

Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE): soiléiríonn an Chúirt feidhmiú athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar bhearta imscrúdaitheacha trasteorann ag breithiúna náisiúnta

I gcás ina ndéanfaidh OIPE imscrúdú i níos mó ná i mBallstát amháin den Aontas Eorpach, beidh cúirteanna Bhallstát an Ionchúisitheora atá freagrach as an imscrúdú inniúil chun glacadh agus bonn cirt na mbeart imscrúdaitheach a fhóru. Ní féidir le hathbhreithniú breithiúnach ar bhearta imscrúdaitheacha i mBallstáit eile baint a bheith aige ach le hábhair a bhaineann le forghníomhú na mbeart sin. I gcás cur isteach tromchúiseach ar chearta an duine lena mbaineann arna ráthú ag an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór bearta imscrúdaitheacha a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach roimh ré i mBallstát an Ionchúisitheora atá freagrach as an imscrúdú.

Beidh sé de chumhacht ag OIPE déantóirí cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Tá sé eagraithe ar dhá leibhéal, leibhéal lárnach agus leibhéal díláraithe. Tá an dara leibhéal comhdhéanta de na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha (ITE), atá lonnaithe sna Ballstáit.

Sa chás seo, tá roinnt daoine á n-ionchúiseamh as calaois a bhaineann le bithdhíosal a allmhairiú isteach san Aontas. Líomhnaítear go ndearnadh damáiste de thart ar EUR 1 295 000 do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh mar thoradh ar an gcalaois sin. Déanann OIPE imscrúdú trí ITE freagrach sa Ghearmáin. Chun críocha an imscrúdaithe, ordaíodh cuardach agus urghabháil maoine san Ostair. Dá bhrí sin, rinne ITE freagrach na Gearmáine forghníomhú na mbeart sin a tharmligean chuig ITE Cúnta de chuid na hOstaire.

Déanann na daoine cúisithe agóid i gcoinne na mbeart imscrúdaitheach sin os comhair chúirt na hOstaire. Chinn sí ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais d'fhonn a shuíomh an bhfuil sí i dteideal athbhreithniú iomlán a dhéanamh (i gcomparáid leis an méid a dhéanfaidh sí i gcás inmheánach amháin) nó ar cheart a athbhreithniú a theorannú do cheisteanna de chineál nós imeachta a bhaineann le bearta imscrúdaitheacha trasteorann a chur chun feidhme.

Sa bhreithiúnas, d'fhreagair an Chúirt nach mór do mhaoirseacht ITE Cúnta a bheith teoranta do cheisteanna a bhaineann le bearta imscrúdaitheacha trasteorann a chur chun feidhme. Go deimhin, tá glacadh agus bonn cirt birt imscrúdaithe á rialú ag dlí an Bhallstáit ina bhfuil ITE i bhfeighil an cháis, ach rialaítear forfheidhmiú birt den sórt sin le dlí Bhallstát ITE Cúnta.

Mar sin féin, **i gcás beart imscrúdaithe lena mbaineann cur isteach tromchúiseach ar chearta bunúsacha**, amhail cuardaigh, tá sé de fhreagracht ar an mBallstát atá freagrach as ITE atá i bhfeighil an cháis coimircí leordhóthanacha a sholáthar, faoin dlí náisiúnta, amhail **athbhreithniú breithiúnach roimh ré**, d'fhonn dlíthiúlacht agus riachtanas na mbeart sin a áirithiú.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [“Europe by Satellite”](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

